

An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14367/26

ENV 1222
CLIMA 532

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14227/26 + ADD 1
Ábhar:	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) (Eireaván, an Airméin, an 19 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2026): (a) An 17ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD (COP 17) (b) An 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP12) (c) An 6ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP6) – Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4200ú cruinniú dá cuid, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

AN COINBHINSIÚN MAIDIR LEIS AN mBITHÉAGSÚLACHT (CBD)

Ullmhúchán don 17ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD (COP 17)

Ullmhúchán don 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 12)

Ullmhúchán don 6ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 6)

(Eireaván, an Airméin, an 19 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2026)

– Conclúidí ón gComhairle –

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Agus na conclúidí uaithi maidir leis an méid seo a leanas Á MEABHRÚ AICI:

An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD): Ullmhúchán don 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD (COP 16); Ullmhúchán don 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 11); Ullmhúchán don 5ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 5) (Cali, an Cholóim, an 21 Deireadh Fómhair – an 1 Samhain 2024)¹;

Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach²;

Ullmhúchán don chreat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 a ullmhú – an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD)³;

¹ 14480/24.

² 12210/20.

³ 15272/19 + COR 1.

Taidhleoireacht fuinnimh agus aeráide an Aontais⁴;

Creat Straitéiseach le haghaidh bithghilleagar iomaíoch inbhuanaithe de chuid an Aontais⁵;

Pobail Dhúchasacha⁶;

AGUS É Á CHUR I dTREIS AICI gur bagairt eiseach dhomhanda ar an gcine daonna i gcónaí é cailliúint na bithéagsúlachta, AGUS É Á AITHINT AICI go bhfuil an bhithéagsúlacht, bia, uisce, sláinte agus an t-athrú aeráide idirnasctha agus go bhfuil gá le gníomhaíocht iomlánaíoch, chomhtháiteach agus chomhlántach, laistigh d'earnálacha agus ar fud earnálacha, chun Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal (KMGBF) a bhaint amach, i gcomhréir le cur chuige an chumarphointe chun sineirgí a fheabhsú agus chun comhbhabhtálacha a laghdú AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá le hathrú claochlaitheach chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna díreacha agus indíreacha atá le cailliúint na bithéagsúlachta;

AGUS É Á AITHINT AICI go mbaineann tábhacht bhunúsach le héiceachórais shláintiúla agus leis an mbithéagsúlacht don tsláinte, don fholláine, don tslándáil bia, don chothú, do phoist agus do shlite beatha inbhuanaithe agus don chobhsaíocht fhadtéarmach eacnamaíoch agus shóisialta;

AGUS É Á AITHINT AICI go dtugann éiceachórais shláintiúla cosaint ar ghuaiseacha agus ar thubaistí nádúrtha agus go rannchuidíonn siad le slándáil náisiúnta agus gur féidir le cosaint, athbhunú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta cuidiú le slándáil náisiúnta agus eacnamaíoch a chosaint agus chun an athléimneacht a fheabhsú;

Dearbhaíonn sí gur DÍOL MÓR IMNÍ DI an tromchúis agus an phráinn a eascraíonn as na géarchéimeanna domhanda idirspiléacha a bhaineann le cailliúint na bithéagsúlachta, an t-athrú aeráide, an truailliú, an t-éiceachóras, díghrádú talún, uisce agus aigéin, lena n-áirítear dífhoraísiú, gaineamhlú agus triomach, chomh maith le falscáithe foircneacha, tonnta teasa agus teochtaí farraige atá ag ardú; DEARBHAÍONN SÍ a tiomantas aghaidh a thabhairt ar na géarchéimeanna idirnasctha sin ar bhealach cuimsitheach comhtháite comhleanúnach ina gcuimseofaí straitéisí a rachadh chun tairbhe don dá thaobh agus coimircí láidre sóisialta agus comhshaoil;

⁴ 8417/26.

⁵ 7397/26.

⁶ 8814/17.

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil Dhomhanda maidir le Dul Chun Cinn Comhchoiteann i gCur Chun Feidhme KMGBF chomh maith leis an líon suntasach Straitéisí Náisiúnta agus Pleananna Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht atá cothrom le dáta nó athbhreithnithe agus spriocanna atá ailínithe le KMGBF ó glacadh é agus an líon mór seachtú tuarascálacha náisiúnta a thíolaic na Páirtithe sa Choinbhinsiún, AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI a phráinní atá sé go ndéanfadh Páirtithe nach bhfuil sin déanta acu go fóill a straitéisí náisiúnta bithéagsúlachta agus a bpleananna gníomhaíochta agus a seachtú tuarascálacha náisiúnta a chríochnú agus a thíolacadh a luaithe is féidir;

AGUS Rialachán (AE) 2024/1991 maidir le hAthchóiriú an Dúlra Á AITHINT AICI, faoina bhfuil Pleananna Athchóirithe Náisiúnta agus próisis chur chun feidhme á gceapadh mar rannchuidiú tábhachtach ón Aontas agus óna Bhallstáit le cur chun feidhme KMGBF;

AGUS É Á AITHINT AICI go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le hacmhainní airgeadais ó gach foinse a shlógadh AGUS É Á CHUR I dTREIS AICI nach cinnte fós ar baineadh amach garspíoc 2025 do Sprioc 19;

AGUS É Á AITHINT AICI a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí na bPáirtithe agus na ngníomhaithe neamhstáit uile a shlógadh, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí, comhghuaillíochtaí agus tionscnaimh, chun an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú agus dlús a chur le cur chun feidhme KMGBF agus ÓS DÍOL SÁSAIMH DI na gealltanais a thug gníomhaithe neamhstáit maidir le KMGBF a chur chun feidhme;

AGUS É Á AITHINT AICI go bhfuil gá le creataí beartais, dlíthiúla agus rialála lena gcruthaítear timpeallachtaí cumasúcháin chun earnálacha gnó agus airgeadais a ailíniú le spriocanna KMGBF, agus chun an bhithéagsúlacht agus a seirbhísí éiceachórais a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe;

AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI go bhfuil an tAontas tiomanta go comhpháirteach don iltaobhachas éifeachtach, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus AGUS ról lárnach KMGBF mar chreat uile-chórais, uile-shochaí, uile-rialtais agus ar fud na Náisiún Aontaithe Á MHEABHRÚ AICI;

AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI go bhfuil cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine, ar an gcothromas agus ar an gcomhionannas inscne lárnach chun KMGBF a chur chun feidhme;

AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI a thábhachtaí atá sé sineirgí agus comhar a neartú ar gach leibhéal i measc Choinbhinsiúin Rio agus le Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha eile, agus an gá atá le gníomhaíochtaí brostaithe sna hearnálacha uile agus ar fud na n-earnálacha uile Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI, go háirithe trí réitigh dhúlra bhunaithe agus cuir chuige bunaithe ar éiceachórais, lena gcuirtear i bhfeidhm cur chuige éiceachórais an Choinbhinsiúin, a chuidíonn chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI go bhfuil sí tiomanta d'Athbhreithniú Domhanda láidir agus éifeachtach ar an dul chun cinn comhchoiteann i gcur chun feidhme KMGBF as a dtiocfaidh móiminteam polaitiúil athnuaithe agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme a bhfuil dlús leo chun spriocanna KMGBF do 2030 a bhaint amach;

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI uaillmhian Phoblacht na hAirméine infheictheacht pholaitiúil COP17 a mhéadú, lena n-áirítear trí *Yerevan Pathway for the Acceleration of Implementation of the KMGBF* [Conair Eireaváin chun Dlús a chur le Cur Chun Feidhme KMGBF] agus chun a áirithiú go dtiocfaidh Athbhreithniú Domhanda as COP17 a chuideoidh le dlús a chur le cur chun feidhme KMGBF agus a Chuspóirí ÓS DÍOL SÁSAIMH DI, THAIRIS SIN, an bhéim a leagann Poblacht na hAirméine ar rannpháirtíocht chuimsitheach agus ar thorthaí uaillmhianacha atá dírithe ar ghníomhaíocht don Athbhreithniú Domhanda agus do COP17;

CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil úsáid an téarma 'Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla', chun críoch na gconclúidí seo ón gComhairle, gan dochar d'úsáid leanúnach na téarmaíochta comhaontaithe i ndoiciméid CBD, atá i gCinneadh XII/12 ó CBD COP, go dtí go ndéanfar caibidlíocht ar an tsaincheist sin;

ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcáineann sí go géar cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe.

ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cúis mhór inní di an staid sa Mheánoirthear mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl sna conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2026.

CAIBIDIL I – AN COINBHINSIÚN MAIDIR LEIS AN mBITHÉAGSÚLACHT

DLÚS A CHUR LE CUR CHUN FEIDHME CHREAT DOMHANDA BITHÉAGSÚLACHTA KUNMING-MONTRÉAL

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí tiomanta KMGBF a chur chun feidhme go hiomlán;
2. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an leibhéal rannpháirtíochta nach bhfacthas a leithéid cheana a gineadh le KMGBF agus an tiomantas a léirigh na Páirtithe agus na páirtithe leasmhara maidir lena chur chun feidhme, mar a tugadh chun suntais sa Tuarascáil Dhomhanda agus mar a léiríodh leis an líon mór tuarascálacha náisiúnta agus straitéisí náisiúnta agus pleananna gníomhaíochta maidir leis an mbithéagsúlacht a cuireadh isteach, agus É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI gur gá feabhas a chur ar cháilíocht agus ar iomláine an tuairiscithe chun an measúnú ar an dul chun cinn ionsar spriocanna agus cuspóirí KMGBF a éascú a thuilleadh;
3. AITHNÍONN SÍ go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme KMGBF, ach AITHNÍONN SÍ FREISIN nach mbeidh sé indéanta spriocanna agus misean 2030 ná cuspóirí 2050 a bhaint amach gan géarú ar ghníomhaíochtaí agus iarrachtaí agus aghaidh a thabhairt go práinneach ar na bacainní agus ar na bearnaí atá fós ann;
4. AITHNÍONN SÍ a phráinní atá sé dlús a chur le cur chun feidhme KMGBF agus é a neartú, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá toil pholaitiúil mhéadaithe agus uaillmhian pholaitiúil mhéadaithe chun géarú ar an gcur chun feidhme agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí chun spriocanna 2030 agus spriocanna 2050 a bhaint amach san am atá fágtha agus chun na 3 chuspóir atá ag an gCoinbhinsiún a bhaint amach;
5. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé i gcónaí creat faireacháin KMGBF a oibríochtú agus a úsáid a thuilleadh agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart, le socruithe faireacháin agus tuairiscithe, úsáid a bhaint as an bhfaisnéis agus as na próisis atá ann cheana, i gcás inar féidir, chun dúbailt a sheachaint agus chun ualaí breise riaracháin agus airgeadais ar na Páirtithe a íoslaghdú;

6. IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta chun an bhitheagsúlacht a phríomhshruthú ag gach leibhéal rialtais agus sochaí agus ar fud gach leibhéil rialtais agus sochaí, beartais agus earnálacha agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról ríthábhachtach atá ag an earnáil phríobháideach i ndáil leis sin;
7. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI meon oscailte agus cineál cuiditheach Idirphlé Kunming, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí leantacha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Athbhreithniú Domhanda;
8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá teachtaireachtaí cuimsitheacha a bheadh dírithe ar ghníomhaíocht chun dlús a chur le cur chun feidhme KMGBF, go háirithe i gcás spriocanna a bhfuil an méid is lú dul chun cinn déanta orthu;
9. AITHNÍONN SÍ go bhfuil comhar idirnáisiúnta feabhsaithe, gníomhaíochtaí agus iarrachtaí feabhsaithe agus modhanna neartaithe cur chun feidhme tábhachtach chun KMGBF a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach;
10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, mar a léiríodh sa Tuarascáil Dhomhanda maidir le Dul Chun Cinn Comhchoiteann i gCur Chun Feidhme KMGBF, gur gá bearta lena dtugtar aghaidh ar spreagthaí díreacha agus indíreacha chailliúint na bithéagsúlachta a neartú, lena n-áirítear spreagthaí lena mbaintear an bonn i gcónaí den dul chun cinn i gcur chun feidhme KMGBF, agus nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach le spriocanna náisiúnta ar fud an domhain ar na spreagthaí sin agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le comhleanúnachas beartais níos mó, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus le breis gníomhaíochtaí claochlaitheacha;
11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí chun KMGBF a chur chun feidhme;
12. CUIREANN SÍ I dTREIS a ríthábhachtaí atá rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach gníomhaithe neamhstáit, lena n-áirítear go háirithe Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla, mná agus an óige, agus aitheantas á thabhairt dá róil faoi seach, chun KMGBF a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach;

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhionannas inscne agus cur chun feidhme KMGBF atá inscne-fhreagrúil, agus a thábhachtaí atá sé cur chuige cuimsitheach atá bunaithe ar chearta an duine a áirithiú agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá peirspictíochtaí inscne a chomhtháthú ar fud na mbeartas bithéagsúlachta, na straitéisí, na bpleananna, na gníomhaíochtaí, na gclár agus na socruithe airgeadais ar gach leibhéal agus neamhionannais a laghdú agus rannpháirtíocht agus ionadaíocht chothrom iomlán éifeachtach na bPobal Dúchasach agus áitiúil, na mban agus na gcailíní, na hóige, na ndaoine faoi mhíchumas agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile a chur chun cinn i mbeartais agus i bpróisis chinnteoireachta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht;
14. AITHNÍONN SÍ na príomhuirlisí atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun tacú leis an gcur chun feidhme, lena n-áirítear go háirithe straitéisí náisiúnta agus pleananna gníomhaíochta maidir leis an mbithéagsúlacht agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann Pleananna Náisiúnta um Maoiniú don Bhithéagsúlacht nó ionstraimí comhchosúla, cláir oibre CBD atá ann cheana chomh maith le tionscnaimh eile le cur chun feidhme KMGBF agus an Choinbhinsiúin agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuirtear go mór i gcónaí le cur chun feidhme KMGBF agus CBD ach iad a thabhairt cothrom le dáta agus a gcur chun feidhme a neartú;
15. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról agus ar an tábhacht a bhaineann le bonn láidir fianaise eolaíche chun beartais bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil a cheapadh, mar aon le rannchuidiú luachmhar an eolais thraidisiúnta mar bhonn don uaillmhian agus don chur chun feidhme éifeachtach agus IARRANN SÍ go neartófaí a thuilleadh an comhar idir an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) agus CBD chomh maith le glacadh níos mó le torthaí IPBES chun tacú le cur chun feidhme KMGBF;
16. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tuilleadh comhair le hardáin eile beartais eolaíochta lena n-áirítear an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, agus an Painéal Idir-Rialtasach Beartais Eolaíochta maidir le Ceimiceáin, Dramhaíl agus Truailliú;
17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá próiseas leantach soiléir comhleanúnach a bheith ann don chéad Athbhreithniú Domhanda ar Chur Chun Feidhme chun leanúnachas leis an dara hAthbhreithniú Domhanda ar Chur Chun Feidhme a áirithiú, chomh maith le gníomhaíochtaí soiléire práinneacha comhleanúnacha chun dlús mór a chur le cur chun feidhme KMGBF as seo amach;

18. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh na lárionaid tacaíochta réigiúnacha agus fhoréigiúnacha don chomhar teicniúil agus eolaíoch agus IARRANN SÍ go gcuirfí iad i ngníomh go hiomlán chun dlús a chur leis an tacaíocht do chur chun feidhme KMGBF;
19. IARRANN SÍ go mbeadh comhar níos dlúithe agus níos fearr ann agus go neartófaí na sineirgí idir na trí cinn de Choinbhinsiúin Rio, agus le Comhaontuithe Comhshaoil eile a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, faoi chuimsiú a sainorduithe faoi seach, trí KMGBF, Comhaontú Pháras agus Creat Straitéiseach 2018-2030 na Náisiún Aontaithe maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac a chur chun feidhme go comhleanúnach, lena n-áirítear trí ról agus feidhm Ghrúpa Comhpháirteach Idirchaidrimh Choinbhinsiúin Rio agus an Ghrúpa Idirchaidrimh maidir leis an mBithéagsúlacht a neartú, d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar shineirgí agus an comhar ar an leibhéal náisiúnta a mhéadú, go háirithe i dtaca le spriocanna, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta ábhartha a fhorbairt, a athbhreithniú agus a chur chun feidhme, chomh maith le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh;
20. CUIREANN SÍ I dTREIS, THAIRIS SIN, a thábhachtaí atá sé cuir chuige chomhtháite a neartú lena dtugtar aghaidh ar na hidirnáise idir an bhithéagsúlacht, an aeráid, an truailliú, an t-uisce agus díghrádú talún, lena n-áirítear trí réitigh dhúlra bhunaithe agus cuir chuige bunaithe ar éiceachórais, agus i gcomhthéacs trasteorann;
21. IARRANN SÍ FREISIN go dtreiseofaí na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Páirtithe, comhlachtaí rialaithe agus Rúnaíochtaí na gCoinbhinsiún eile de chuid Rio, coinbhinsiúin a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, coinbhinsiúin a bhaineann le ceimiceáin agus dramhaíl agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ábhartha eile, eintitis de chuid na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear institiúidí airgeadais agus tionscnaimh atá ábhartha d'earnálacha téamacha chun an comhar i gcomhthéacs KMGBF agus chreataí ábhartha eile a fheabhsú;

Faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha

22. MEABHRAÍTEAR DI Cinntí 15/9 agus 16/2 ó COP CBD, CUIREANN SÍ I bhFIOS gur uirlis nuálach é an sásra iltaobhach um chomhroinnt tairbhí chun leas a bhaint as faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha, lena n-áirítear a Chiste Cali, chun comhroinnt tairbhí a chur chun cinn agus chun acmhainní don bhithéagsúlacht a úsáid a thuilleadh, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann é a chur chun feidhme go héifeachtach agus ag an am céanna oibriú chun deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht fheabhsaithe a chur ar fáil agus cothrom iomaíochta a chruthú;
23. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, faoi Chinneadh 16/2 nach bhfuil ach tíortha atá i mbéal forbartha agus Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla incháilithe chun rochtain a fháil ar Chiste Cali, CUIREANN SÍ I bhFIOS, áfach, gur féidir le gach Páirtí, faoin gCoinbhinsiún, tairbhí a thagann ó úsáid acmhainní géiniteacha a chomhroinnt bunaithe ar an bprionsabal gur soláthraithe agus úsáideoirí acmhainní géiniteacha iad na páirtithe ar fad agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tuilleadh oibre a dhéanamh i ndáil leis sin, nuair is iomchuí;
24. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé rochtain oscailte ar fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha a choinneáil agus a fheabhsú, rud atá bunriachtanach don taighde eolaíoch agus an nuálaíocht agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ nár cheart rianú agus lorgaireacht a bheith ag teastáil ón Sásra Iltaobhach;
25. AITHNÍONN SÍ go mbíonn institiúidí poiblí taighde agus acadúla rannpháirteach go gníomhach i dtairbhí neamhairgeadaíochta a chomhroinnt trí thaighde poiblí ar úsáid faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha agus trí fhothú agus forbairt acmhainní ghaolmhar agus MOLANN SÍ tionscnaimh ábhartha le go leanfaí den obair sin;
26. MOLANN SÍ comhoibriú le heintitis a oibríonn bunachair sonraí chun tacú le cur chun feidhme an tsásra iltaobhaigh um chomhroinnt tairbhí ón fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha a úsáid;

27. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart forbairt bhreise a dhéanfaí ar mhódúlachtaí oibríochtúla faoin Sásra Iltaobhach, lena n-áirítear módúlachtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le ranníocaíochtaí, a bheith i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 9 de Chinneadh 15/9, fianaisebhunaithe agus nár cheart réamhbhreith a dhéanamh ar thoradh an chéad athbhreithnithe ar éifeachtacht an tSásra Iltaobhaigh, lena n-áirítear Ciste Cali, ag COP18;
28. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé carnadh oibleagáidí a d'fhéadfadh a bheith ann sna córais rochtana agus comhroinnte tairbhí a sheachaint agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá castacht agus ualach maorlathach nach bhfuil gá leo a sheachaint;
29. TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis inní di líon íseal na ranníocaíochtaí le Ciste Cali, AITHNÍONN SÍ gur gá feasacht a mhúscailt maidir le Ciste Cali sna hearnálacha, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach agus MOLANN SÍ d'eintitis san earnáil phríobháideach ar fud an domhain a bhaineann tairbhe as úsáid faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha rannchuidiú le Ciste Cali agus sochair neamhairgeadaíochta a chomhroinnt; Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAMH DI comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh phoiblí, príobháideacha agus iltaobhacha sna hearnálacha agus ardáin i ndáil leis sin chomh maith le hacmhainneacht a fhorbairt agus tacú le hoibríochtú iomlán Chiste Cali;

Leas a bhaint as acmhainní

30. MEABHRAÍONN SÍ an treochlár a leagtar amach i gCinneadh 16/34 ó CBD COP agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas dul chun cinn comhleanúnach a dhéanamh ar an dá chonair;
31. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas d'acmhainní ó gach foinse a úsáid; IARRANN SÍ ar na tíortha uile a bhfuil sé ar a gcumas acu ranníoc leis an maoiniú idirnáisiúnta don bhithéagsúlacht, i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta agus cineál dinimiciúil athraitheach a gcumas faoi seach á gcur san áireamh, agus IARRANN SÍ ar na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí, dlús a chur lena rannchuidiú siúd le cur chun feidhme KMGBF agus a sreafaí airgeadais a ailíniú le KMGBF;

32. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit le chéile is mó a sholáthraíonn Cúnamh Oifigiúil Forbraíochta ar fud an domhain a mhéid a bhaineann leis an mbithéagsúlacht;
33. LEAGANN SÍ BÉIM ar an treocht dhearfach i maoiniú idirnáisiúnta bithéagsúlachta a thuairiscigh ECFE, agus gur baineadh amach 18,9 billiún USD i maoiniú a bhaineann go sonrach leis an mbithéagsúlacht agus 34,2 billiún USD i maoiniú a bhaineann leis an mbithéagsúlacht in 2024;
34. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá trédhearcacht, comhsheasmhacht agus soiléireacht mhodheolaíoch agus maoiniú idirnáisiúnta don bhithéagsúlacht á thuairisciú;
35. DEARBHAÍONN SÍ an tábhacht leanúnach a bhaineann leis an Áis do Thimpeallacht na Cruinne (GEF) mar shásra airgeadais an Choinbhinsiúin, agus gur DÍOL SÁSAIMH DI na gealltanais a tugadh ag an 9ú athshlánú GEF, agus na torthaí maidir le spriocanna do na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla chomh maith le slógadh na hearnála príobháidí, agus MOLANN SÍ do na rannchuiditheoirí atá ann faoi láthair agus iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ann a ranníocaíochtaí do GEF-9 a thabhairt chun críche ar bhealach tráthúil uailmhianach de réir na ceannaireachta a léirigh Ballstáit an Aontais;
36. AITHNÍONN SÍ go ndearnadh clársceidealú rathúil ar Chiste an Chreata Dhomhanda Bithéagsúlachta agus IARRANN SÍ go dtabharfadh gach foinse gealltanais bhreise do Chiste an Chreata Dhomhanda Bithéagsúlachta;
37. AITHNÍONN SÍ go bhfuil maoiniú poiblí idirnáisiúnta don bhithéagsúlacht á chur ar fáil agus á shlógadh faoi láthair ag líon teoranta tíortha, ATHDHEARBHAÍONN sí gur gá féachaint ar bhealaí chun an bonn ranníocaíochta a leathnú go córasach agus líon na ranníocóirí don mhaoiniú don bhithéagsúlacht a mhéadú i gcomhréir le forbairt na gcúinsí agus na gcumas náisiúnta le himeacht ama chomh maith le fíorchúinsí eacnamaíocha, ar bhonn deonach agus comhthoiliúil, agus, mar shampla, trí chritéir oibiachtúla tháscacha a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear trí athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an liosta a bhunaítear de bhun Airteagal 20.2 den Choinbhinsiún agus, más gá, trí leasú a dhéanamh air, agus i gcomhréir leis an Airteagal sin; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart dul i gcomhairle go cuí leis na Páirtithe ina leith sin;

38. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról tábhachtach atá ag an earnáil phríobháideach agus ag páirtithe leasmhara chomh maith le fiosrú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige nuálacha deonacha agus rialála a d'fhéadfadh a bheith ann mar shampla, i gcomhréir le himthosca náisiúnta, i measc nithe eile, creidmheasanna ardsláine dúlra agus cur chuige bunaithe ar an ngeilleagar ciorclach ó thaobh acmhainní ó gach foinse a úsáid;
39. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé forbairt agus cur chun feidhme Pleananna Náisiúnta um Maoiniú don Bhithéagsúlacht nó ionstraimí comhchosúla a chur chun cinn, go háirithe trí thacú le cur chun feidhme réiteach airgeadais agus leas a bhaint as a n-acmhainneacht acmhainní intíre a úsáid; agus AITHNÍONN SÍ an luach a d'fhéadfadh a bheith ag ardáin náisiúnta trasearnála chun slógadh sreafaí airgeadais poiblí agus príobháideacha intíre agus idirnáisiúnta a neartú agus dlús a chur le cur chun feidhme spriocanna KMGBF;
40. AITHNÍONN SÍ go mbraitheann gach gnólacht ar an mbithéagsúlacht agus go mbíonn tionchar acu uirthi; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé timpeallacht a chruthú lena bhféadfaí athrú claochlaitheach a bhaint amach, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le himthosca náisiúnta, lena n-áirítear creataí beartais, dlíthiúla agus rialála a bhunú do ghnólachtaí chun rannchuidiú le caomhnú, athbhunú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta agus IS DÍOL SÁSAIMH DI torthaí an Mheasúnaithe Gnó agus Bithéagsúlachta a rinne IPBES;
41. LEAGANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé dlús a chur le sainathint dreasachtaí agus deireadh a chur leo de réir a chéile nó iad a athchóiriú, lena n-áirítear fóirdheontais, ar dreasachtaí iad atá díobhálach don bhithéagsúlacht, agus go ndéanfaí é sin ar bhealach comhréireach, cóir, cothrom, éifeachtach agus comhionann, ag tosú leis na dreasachtaí is díobhálaí, agus dreasachtaí dearfacha a mhéadú ar mhaithe le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta i gcomhréir le Sprioc 18 de KMGBF;

Saincheisteanna a bhaineann le Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla

42. ATHDHEARBHAÍONN SÍ cearta na bPobal Dúchasach, lena n-áirítear mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;⁷
43. Dearbhaíonn sí gur DÍOL SÁSAIMH DI gur bhunaigh COP16 an Fochomhlacht maidir le hAirteagal 8J agus Forálacha Eile den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht a Bhaineann le Pobail Dhúchasacha agus Pobail Áitiúla agus CUIREANN SÍ I bhFIOS an gá atá le *modus operandi* lena ngabhann nósanna imeachta rannpháirtíochta cuimsitheacha a léiríonn go leordhóthanach an rithábacht a bhaineann le rannpháirtíocht fhóinteach agus éifeachtach na bPobal Dúchasach agus áitiúil san Fhochomhlacht maidir le hAirteagal 8J a áirithiú;
44. AITHNÍONN SÍ ról agus rannchuidiú rithábachtach na bPobal Dúchasach agus na bpobal áitiúil mar chaomhnóirí na bithéagsúlachta agus mar chosantóirí eolais thraidisiúnta, nuálaíochtaí agus cleachtas traidisiúnta atá ábhartha i dtaca le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an dlí agus na hionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine a urramú;
45. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá an clár oibre maidir le hAirteagal 8(j) agus forálacha eile den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht a bhaineann le Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla go dtí 2030 a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht iomlán, éifeachtach agus fhóinteach na bPobal Dúchasach agus áitiúil i bpróisis chinnteoireachta ábhartha;

⁷ Rún UNGA 61/295.

An Bhitheolaíocht Shintéiseach

46. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn mear atá déanta maidir le cur i bhfeidhm na bitheolaíochta sintéisí chomh maith leis na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le trí chuspóir den Choinbhinsiún agus cur chun feidhme KMGBF agus an gá atá le faireachán agus measúnú leordhóthanach a dhéanamh lena n-áirítear i réimse na hintleachta saorga agus na bitheolaíochta ríomhaireachtúla i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin, agus MOLANN SÍ aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na forbairtí teicneolaíochta a rinneadh le déanaí sa bhitheolaíocht shintéiseach;
47. Dearbhaíonn sí gur DÍOL SÁSAIMH DI obair an tSainghrúpa Theicniúil *Ad Hoc* maidir leis an mBitheolaíocht Shintéiseach agus an dréachtphean gníomhaíochta téamach maidir le tacú le fothú acmhainneachta agus forbairt, rochtain ar theicneolaíocht agus comhroinnt eolais agus aistriú teicneolaíochta agus eolais i gcomhthéacs na bitheolaíochta sintéisí, agus an cur chuige réamhchúraim mar atá i bPrionsabal 15 de Dhearbhuí Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt mar bhonn taca leis;

An Bhithéagsúlacht Mhuirí agus Chósta

48. CUIREANN SÍ I bhFÍOS nár léiríodh an bhithéagsúlacht mhuirí agus chósta go leordhóthanach, ar an iomlán, sna NBSAPanna agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis an gcomhtháthú i bpleanáil agus i gcur chun feidhme náisiúnta na bithéagsúlachta a neartú, lena n-áirítear trí chomhleanúnachas beartais a chur chun cinn sna hearnálacha ábhartha agus gníomhaíochtaí claochlaitheacha a uas-scálú chun an bhithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe;

49. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí limistéir a chomhlíonann na critéir do limistéir mhuirí atá suntasach ó thaobh na héiceolaíochta nó na bitheolaíochta de a shainaithint agus tuairisc a thabhairt orthu agus na treoirlínte deonacha a ghlacadh maidir le próisis athbhreithnithe piaraí do na limistéir mhuirí sin agus critéir eolaíocha chomhoiriúnacha chomhlántacha ábhartha eile chun a áirithiú go leanfaidh an próiseas maidir leis na limistéir mhuirí sin de rannchuidiú luachmhar eolaíoch agus teicniúil a chur ar fáil do chur chun feidhme KMGBF, ionstraimí idirnáisiúnta eile, creataí, agus eagraíochtaí inniúla, agus do chur chun feidhme an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe na Bithéagsúlachta Muirí i Limistéir Lasmuigh den Dlí n-Áisiúnta (Comhaontú BLDN) a dhéanfar amach anseo;
50. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do phróiseas maidir le limistéir mhuirí atá suntasach ó thaobh na héiceolaíochta nó na bitheolaíochta de ceannasacht, cearta ceannasacha nó dlínse na stát cósta a urramú go hiomlán mar a fhoráiltear le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus MEABHRAÍTEAR DI Rún 80/110 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 9 Nollaig 2025 lena n-athdhearbhaítear go leagtar amach leis an gCoinbhinsiún maidir le Dlí na Farraige an creat dlíthiúil nach mór na gníomhaíochtaí ar fad ar na haigéin agus ar na farraigí a dhéanamh faoina chuimsiú;
51. Dearbhaíonn sí gur DÍOL SÁSAIMH DI teacht i bhfeidhm Chomhaontú BLDN, agus an iliomad cuspóirí comhroinnte a bhfuil aige leis an gCoinbhinsiún á dtabhairt dá haire; LEAGANN SÍ BÉIM ar na rannchuidithe agus na sineirgí criticiúla is féidir a bhaint amach le cur chun feidhme Chomhaontú BLDN amach anseo agus IARRANN SÍ go mbeidh comhar éifeachtach éifeachtúil ann idir CBD agus Comhaontú BLDN agus ardáin ábhartha beartais eolaíochta;
52. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá cur leis na torthaí a tháinig as an gceardlann saineolaithe maidir leis an mbithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta chun an obair faoin gCoinbhinsiún a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar an gcomhar nó ar na sineirgí le Comhaontú BLDN, ceardlann a tionóladh in Bergen na hIorua ón 2-5 Nollaig 2025;

53. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo caomhnú agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar 30 faoin gcéad, ar a laghad, den aigéan faoi 2030 faoi Sprioc 3 de KMGBF, lena n-áirítear i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta;

Ábhair eile a bhaineann le COP17

54. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bpróiseas in CBD, agus beartú tosaíochta a dhéanamh laistigh de na próisis sin, a mhéadú, lena n-áirítear trí phróiseas a bheadh faoi stiúir na bPáirtithe;
55. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá Clár Oibre Ilbhliantúil nua a ghlacadh a dhíríonn ar ghníomhaíocht luathaithe éascaithe ar an láthair arna déanamh ag na Páirtithe agus leis sin d'áiritheofaí tacaíocht chothrom do chur chun feidhme gach ceann de thrí chuspóir an Choinbhinsiúin agus KMGBF, cur chun feidhme iomlán uirlisí agus cláir CBD atá ann cheana agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint;
56. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá torthaí an athbhreithnithe fheidhmiúil a mheas chun éifeachtacht na Rúnaíochta a fheabhsú, go háirithe maidir le cruinnithe a réachtáil agus cur chun feidhme KMGBF a éascú;

CAIBIDIL II – PRÓTACAL CARTAGENA AR AN mBITHSHÁBHÁILTEACHT

57. Dearbhaíonn sí gur DÍOL SÁSAIMH DI an líon ard de Chúigiú Tuarascálacha Náisiúnta a cuireadh isteach in am, CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a chur chun feidhme go hiomlán trí chreataí náisiúnta bithshábháilteachta a neartú, nósanna imeachta láidre eolaíochtbhunaithe maidir le measúnú riosca agus bainistiú riosca a ghlacadh, fothú acmhainneachta agus tacaíocht theicniúil a fheabhsú agus leas a bhaint as Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta chun faisnéis a chomhroinnt agus feasacht an phobail agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn;
58. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gné thábhachtach de chur chun feidhme Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht é a bheith in ann orgánaigh mhodhnaithe bheo a bhrath agus a shainaithint agus, dá bhrí sin, TACAÍONN SÍ le comhlánú agus nuashonrú a dhéanamh ar na heagraín a bheidh ann amach anseo den Lámhleabhar Oiliúna maidir le hOrgánaigh Mhodhnaithe Bheo a Bhrath agus a Shainaithint i gComhthéacs Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht, i gcás ina bhféadfar breisluach a chur ar fáil;

59. Dearbhaíonn sí gur DÍOL SÁSAIMH DI tiomsú faisnéise faoi reachtaíocht, rialacháin agus treoir náisiúnta maidir le forbairtí nua sa bhith-theicneolaíocht nua-aimseartha;
60. Dearbhaíonn sí gur DÍOL SÁSAIMH DI obair an tSainghrúpa Theicniúil *Ad Hoc* um Measúnú Riosca lena n-áirítear torthaí an tSainghrúpa Theicniúil *Ad Hoc* ó thaobh chur i bhfeidhm na gcritéar chun saincheisteanna sonracha maidir le measúnú riosca a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh agus TACAÍONN SÍ le tuilleadh ábhar teorach deonach a fhorbairt lena gcuirfear le liosta tosaíochta na n-ábhar a shainaithin an Sainghrúpa Teicniúil *Ad Hoc*, chun freagairt do riachtanais chomhroinnte na bPáirtithe agus CUIREANN SÍ I bhFIOS an gá atá le plean oibre réalaíoch do na gníomhaithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear Sainghrúpa Teicniúil *Ad Hoc* a d'fhéadfadh a bheith ann;
61. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá cur chuige an réamhchúraim mar atá i bPrionsabal 15 de Dhearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt agus maidir le measúnú riosca comhshaoil eolaíochtbhunaithe de réir an cháis , i gcinntí a bhaineann le horgánaigh mhodhnaithe bheo;

CAIBIDIL III - PRÓTACAL NAGOYA MAIDIR LE ROCHTAIN AGUS COMHROINNT TAIRBHÍ

62. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfear san áireamh príomhthorthaí agus príomhtheachtaireachtaí an dara measúnú agus athbhreithniú ar éifeachtacht Phrótacal Nagoya maidir leis an bPrótacal a chur chun feidhme, agus KMGBF, go háirithe maidir le rochtain iomchuí ar acmhainní géiniteacha a áirithiú agus go ndéanfar na tairbhí a thagann as acmhainní géiniteacha a úsáid, a chomhroinnt go cothrom agus go cothromasach, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le caomhnú na bithéagsúlachta agus le húsáid inbhuanaithe;
63. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi ar gá do na Páirtithe a mbearta dlíthiúla, riaracháin agus beartais a shimpliú agus a neartú chun rochtain ar acmhainní géiniteacha a éascú agus chun a áirithiú go gcomhroinnfear na tairbhí a eascraíonn óna n-úsáid ar bhealach cóir cothromasach, i gcomhréir le forálacha Phrótacal Nagoya agus le hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí.